

Aighneacht Gaelscoileanna Teo. Ar Comhordú Seirbhísí agus Socruithe Feidhmiúcháin idir an NCSE agus NEPS Chuig An Roinn Oideachais agus Scileanna

Aibreán 2015

1.1 Réamhfhocal

Is mian le Gaelscoileanna Teo. leis seo aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna (“ROS”) mar fhreagairt do chuireadh ar aighneachta mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar cheist an Comhordú Seirbhísí agus Socruithe Feidhmiúcháin idir an NCSE agus NEPS

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. roimh an deis ionchur a bheith acu sa phróiseas ach go háirithe mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge. Fáiltíonn an eagraíocht roimh chóras a chinntíonn cleachtais uilechuimsitheacha, trédhearcacha, cothrom, agus a ardaíonn muinín na bpobal éagsúla, ar a n-áirítear foirne na scoileanna agus tuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais (“RSO”) acu sa chóras lán-Ghaeilge.

Tá Gaelscoileanna Teo. i mbun comhairliúcháin forleathan le páirtithe leasmhara éagsúla le tamall anuas chun críche feasacht a ardú ar na sainriachtanais atá ag scoileanna agus a gcuid páistí a bhfuil RSO acu sa chóras lán-Ghaeilge. Mar chuid den chomhairliúcháin seo, tá aighneachtaí curtha faoi bhráid na ROS agus an NCSE maidir leis an múnla atá á fhorbairt do leithdháileadh acmhainní le haghaidh daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu i Scoileanna Príomhshrutha,, agus táimid ag glacadh páirt ghníomhach sna cruinnithe comhairliúcháin sin. Déanfaidh an aighneacht seo tagairt do roinnt de na hábhair inmí atá ag an gcóras lán-Ghaeilge maidir le hábhar.

Anuas ar an gcomhairliúchán thuas luaite, tá cruinnithe feasachta reáchtáilte againn leis an NCSE, SESS, Psychology Society of Ireland agus tá cruinnithe le socrú go fóill leis an FSS. Tá aiseolas an-dearfach á fháil ar na saincheisteanna atá á n-ardú ag Gaelscoileanna Teo., agus fonn léirithe comhoibriú linn chun críche feasacht agus córais níos fearr a fhreastalaíonn ar shainriachtanais an chórais oideachais lán-Ghaeilge. Lárnach dó seo, aithnítear an ghá a bhaineann le taighde náisiúnta ar an gceist a thugann fianaise agus bunús eolaíoch dúinn d’fhorbairt na seirbhísí tacaíochta ón Stát. Fáiltímid roimh aitheantais na bpáirtithe, ach go háirithe an NCSE ar an riachtanais taighde agus ar an bhfonn atá léirithe acu taighde mar a bhaineann leis an earnáil lán-Ghaeilge a bheith cuimsithe sa chéad creatlach taighde eile atá á fhorbairt acu.

1.2 Ról Gaelscoileanna Teo.

Bunaíodh Gaelscoileanna Teo. sa bhliain 1973 mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Is í príomhaidhm Gaelscoileanna Teo. ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann. Tá stádas ag an eagraíocht mar Chomhpháirtí Oideachais de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá Gaelscoileanna Teo. ag feidhmiú ó Iúil 2014 sa mhór-réimse Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge, a chuimsíonn tacaíocht do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

1.3 An Comhthéacs Náisiúnta mar a bhaineann le páistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge

Leagtar amach thíos tá na mór-shaincheisteanna comhthéacsúla a bhaineann le páistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge. Is í tuairim mheáite Gaelscoileanna Teo. ná gur gá na saincheisteanna thíos a thógáil san áireamh san athstruchtúrú ar na córais agus na struchtúir tacaíochta, chun críche córais feabhsaithe do pháistí, tuismitheoirí agus múinteoirí, agus a ardaíonn muinín na bpáirtithe leasmhara faoi seach ann.

D'fhoilsigh an NCSE A New Vision for Supporting Educational Needs sa bhliain 2013, scoth-cháipéis a leagann amach an staid reatha agus ar na riachtanais atá ann d'fhorbairt seirbhísí agus an leibhéal tacaíochta do pháistí le riachtanais speisialta. Bíodh is go bhfuil sé intuigthe go mbaineann na seirbhísí le gach páiste san earnáil bhunoideachais agus iar-bhunoideachais, tá easnamh an-mhór ann do ról, cur chuige agus tacaíochtaí na scoileanna lán-Ghaeilge le déileáil go dearfach le páistí le RSO sna scoileanna lán-Ghaeilge.

Aithníonn taighde uile-Éireann ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála lán-Ghaeilge Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, Pobal agus COGG 2010, go bhfuil easnaimh mór sna struchtúr tacaíochta do pháistí an chórais a bhfuil riachtanais speisialta acu. Baineann an t-easnamh seo ach go háirithe le tacaíochtaí ó roinnt gairmeacha, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus síceolaithe ach go háirithe. Aithnítear go bhfuil síceolaithe NEPS den scoth ar fáil, le suim sa chóras agus tuiscint air, ach is feiniméan coitianta é go léirítear easpa tuisceana ar chumas an chórais plé go dearfach leis an bpáiste le RSO. Dá thoradh seo, is minic a cheistítear oiriúnacht an chórais do pháistí le RSO. Déantar moladh go minic páiste a aistriú

ó scoil lán-Ghaeilge go scoil Bhéarla, gan aon fhianaise ann le tacú leis an moladh. Is ábhar mór imní é seo do thuismitheoirí agus ábhar míshástachta do na scoileanna atá ag iarraidh gach deis a thabhairt do gach páiste sa chóras ar bhonn cothrom. Aithnítear go bhfuil feabhas tagtha ar thuiscint na soláthróirí seirbhíse ar oiriúnacht an pháiste le RSO don ghaelscoil, ach aithnítear go bhfuil gá leis an tuiscint sin a mhéadú go córasach.

Dá mbeadh córas comhordaithe ann le heolas níos cuimsithí agus comhleanúnach ar fáil do thuismitheoirí ó na soláthróirí seirbhíse mhéadódh sé muinín agus tuiscint na dtuismitheoirí gur scoileanna feiliúnacha iad na scoileanna lán-Ghaeilge dá gcuid páistí. Dá thoradh, mhéadófaí líon na bpáistí le RSO sna scoileanna lán-Ghaeilge.

Le daonra de os cionn 50,000 páiste sa chóras lán-Ghaeilge, tá páistí le RSO de chineálacha éagsúla go forleathan tríd na scoileanna lán-Ghaeilge, agus an líon ag dul i méid (staitisticí Gaelscoileanna Teo.) Fáiltítear go mór rompu agus cuirtear gach tacaíocht ar fáil dóibh. Léiríonn taithí na scoileanna go n-éiríonn chomh maith le páistí le RSO i scoileanna lán-Ghaeilge is a n-éiríonn leo i scoileanna lán-Bhéarla ach go mbíonn buntáiste an dátheangachais acu, buntáiste a cheiltear go han-mhinic ar pháistí le RSO i scoileanna Béarla. Moltar an cheist seo a chíoradh trí anailís taighde, agus go gcuimseofar an cheist taighde sa chur chuige taighde a bheidh mar chuid den struchtúr nua.

1.4 Dúshláin an chórais tacaíochta reatha le freastal ar RSO sa chóras lán-Ghaeilge

1. Níl aon aitheantas ann chun riachtanais agus dúshláin bhreise na scoileanna lán-Ghaeilge a mheasúnú, ar a n-áirítear an dúshlán breise a bhaineann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge, an éagsúlacht teangeolaíoch i ngach suíomh scoile agus scoil Gaeltachta. Ní thugann múnla molta an NCSE ar leithdháileadh acmhainní aitheantas ar na héagsúlachtaí agus na castachtaí atá sa chóras le measúnú cuí a dhéanamh ar pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge. Tá cúlra teangeolaíoch an-éagsúil i measc próifíl na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an gcóras lán-Ghaeilge, le c. 95% taobh den Ghaeltacht ag teacht as cúlra Béarla mar mháthairtheanga; daltaí eile le meascáin éagsúla dátheangach, agus daltaí eile le Gaeilge mar mháthairtheanga, agus mar phríomhtheanga urlabhra.
2. Ní thógann an múnla molta thuas ná an córas tacaíochta reatha an córas tumoideachais san áireamh. Cé go bhfuiltear ag súil leis go mbainfidh scoileanna lán-Ghaeilge ardchaighdeán oideachais amach sa dá theanga, Béarla agus Gaeilge sa Straitéis Litearthachta, ní aithnítear an córas tumoideachais sa mhúnla nua ná aon tacaíocht bhreise chun spriocanna na Straitéise Litearthachta a bhaint amach. Moltar soláthar breise do scoileanna lán-Ghaeilge, ar aon dul le soláthar breise EAL, ach go háirithe do pháistí nach í an Ghaeilge a máthair theanga.
3. Ní thógtar san áireamh go bhfuil an Ghaeilge, an Béarla agus an mhata á mheasúnú sna scrúduithe caighdeánaithe sa scoil lán-Ghaeilge; áit nach bhfuil ach an Béarla agus an mhata á mheasúnú sa scoil meán-Bhéarla. Is gá teacht ar mheicníocht éigin sa mhúnla nua atá á fhorbairt chun torthaí na scrúduithe caighdeánaithe sa trí ábhar a thógáil san áireamh sa scoil lán-Ghaeilge. Samhlaíonn Gaelscoileanna Teo. go mbeadh ról lárnach ag an NSCE i ndruchtú eolaíoch an chur chuige seo.

4. Ag eascairt as comhairliúchán le scoileanna, tá sé soiléir go bhfuil formhór na scoileanna ag léiriú inní go mbeidh na scoileanna thíos leis atá i ndiaidh obair go dícheallach chun caighdeán a ardú agus go bhfuil baol ann go gcaillfí na hacmhainní a bhí ann go dáta. Bheadh impleachtaí aige seo don chaighdeán atá an scoil ag iarraidh a shaothrú, agus do leithdháileadh na n-acmhainní sa todhchaí má thiteann caighdeán an oideachais dá bharr.
5. Níl na huirlisí cuí ann chun tástáil a dhéanamh ar pháistí le RSO éagsúla sa chóras lán-Ghaeilge. Is ceist ollmhór í seo, ach go háirithe do pháistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar mháthairtheanga, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Cuireann an córas reatha iachall ar pháistí measúnú a fháil trí mheán an Bhéarla, teanga atá mínádúrtha don pháiste.

Moltaí

1. Le daonra os cionn 50,000 dalta ag freastal ar an gcóras oideachais trí mheán na Gaeilge sa tír, tá sé riachtanach go dtabharfaí faoin easnamh eolais agus comhordaithe i measc na seirbhísí tacaíochta go córasach agus go cuimsitheach.
2. Go mbeadh treoir shoiléir, chomhordaithe agus cuimsitheach ar na saincheisteanna seo a leanas:-
 - a. RSO sa chóras tumoideachais (ag tógáil san áireamh an Ghaeilge mar chéad teanga an pháiste agus mar theanga fhoghlama an pháiste),
 - b. Páistí le deacrachtaí sainaitheanta (íosmhnicíocht agus ardmhnicíocht),
 - c. Ag múineadh daltaí le ASD sa Ghaelscoil,
 - d. Straitéisí ginearálta don tacaíocht foghlama sa Ghaelscoil,
 - e. Measúnú ar pháistí sa chóras Gaelscolaíochta,
 - f. Bunú Aonad Léitheoireachta trí mheán na Gaeilge, agus
 - g. Bunú Aonad ASD trí mheán na Gaeilge.
3. Go mbeadh eolas cuimsitheach ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta maidir leis na seirbhísí tacaíochta comhordaithe atá ar fáil ó na heagrais faoi seach chun baill an phobail a threorú go cuí.
4. Go bhforbrófar bunachar sonraí de shíceolaithe agus saineolaithe cáilithe sa ghairm atá inniúil ar riachtanais RSO na bpáistí sa chóras lán-Ghaeilge/ agus a bhfuil tuiscint acu ar an gcóras tumoideachais agus insealbhú teanga sa suíomh dátheangach/ ilteangach (más cuí, agus le cead NEPS, srl.)
5. Molann Gaelscoileanna Teo. go sonraítear i bhfoilseacháin de chuid na Comhairle feiniméan an pháiste le riachtanais speisialta oideachais (RSO) sa scoil lán-Ghaeilge. Eascraíonn an moladh seo as fiosrúcháin rialta ó thuismitheoirí a dteastaíonn uathu a bpáistí a chur go scoil lán-Ghaeilge nó thuismitheoirí le páistí sa chóras cheana agus a bhfuil treoir de dhíth orthu faoi conas mar a phléann an córas lán-Ghaeilge le riachtanais an pháiste. Tugtar faoi deara nach bhfuil aon tagairt ach an oiread sa bhfoilseachán 2011, **Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachas Acu – Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí** don pháiste le RSO sa

scoil lán-Ghaeilge. In ainneoin gur leabhrán eolais fíor-úsáideach é, ní ann d'aon tacaíocht don chóras lán-Ghaeilge – easnamh atá tugtha faoi deara ag tuismitheoirí a ghlaonn orainn go minic faoi.

6. Go bhforbrófaí treoirínte do bhunscoileanna lán-Ghaeilge faoi conas déileáil go dearfach le páistí le RSO.
7. Go bhforbrófaí treoirínte d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge faoi conas déileáil go dearfach le páistí le RSO, a chabhróidh leis an aistriú ón mbunscoil lán-Ghaeilge.
8. Go bhforbrófaí treoirínte do thuismitheoirí ag an dá leibhéal faoi seach faoi conas déileáil go dearfach lena bpáistí le RSO, mar thacaíocht don chóras oideachais foirmeálta.
9. Go mbreathnófaí ar na féidearthachtaí d'ionadaíocht ó earnáil na gaelscolaíochta, Gaeltacht san áireamh, bunleibhéal agus iarbhunleibhéal, i ngrúpaí oibre an NCSE chun a chinntiú go mbeidh na riachtanais faoi seach tógtha san áireamh ag bunchéim na pleanála le haghaidh seirbhísí feabhsaithe.
10. Go bhforbrófar aon chóras amháin measúnaithe chun riachtanais daltaí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge a mheas, agus trí mheán na Gaeilge. Go gcinnteofar rochtain ar an gcóras seo go náisiúnta ar mhaithe le gach cineál riachtanais.
11. Go dtabharfaí faoi iniúchadh ar raon na seirbhísí agus na gcleachtóirí atá ar fáil agus inniúil chun déileáil le páistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.
12. Go n-aontaítear agus go bhfeidhmítear polasaí soiléir amháin a bheidh á chraobhscaoileadh faoi pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.
13. Molaimid don NCSE go mbeadh eolas faoi pháistí san earnáil gaelscolaíochta le riachtanais speisialta tógtha san áireamh i bhfoilseacháin ginearálta an eagrais agus ar shuíomh gréasáin na NCSE. Chuirfeadh sé seo go mór le muinín na scoileanna agus na dtuismitheoirí i dtaobh seirbhísí tacaíochta sa scoil lán-Ghaeilge agus d'ardódh sé go mór próifíl an NCSE i measc na scoileanna lán-Ghaeilge agus a gcuid pobail. Ba mhór againn an deis plé a dhéanamh leis an gComhairle faoin gcineál eolais atá de dhíth ón bpobal agus ó scoileanna.
14. Fáiltimid go mór roimh mholadh an NCSE go bhforbrófar creat chun saineolas na múinteoirí a fhorbairt i dtaobh tacaíochtaí agus oideachas na bpáistí le riachtanais speisialta. Iarraimid ar an gComhairle múinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge a thógáil san áireamh i bhforbairt an chreata seo. I bhfianaise go mbeidh an SESS mar chuid den struchtúr nua, molaimid go mbeadh ról sainiúil ann maidir le traenáil a chur ar fáil do mhúinteoirí an chórais. Le linn na traenála, is gá go dtógfaí riachtanais na ndaltaí sa chóras lán-Ghaeilge san áireamh agus dá bharr go mbeadh saineolas ar fáil láithreach do na múinteoirí.

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Inár gcáil mar ionadaí ar gach scoil lán-Ghaeilge, bunleibhéal agus iarbhunleibhéal, fáiltimid roimh an deis teagmháil a dhéanamh leis na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhur son chun iad a ghríosadh le páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán ar aon ábhar a bhaineann le páistí le riachtanais speisialta amach anseo.

Aibreán 2015